*Uimhir* 42 *de* 1996

# An tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 42 *de* 1996

# AN tACHT UM DHLITEANAS SIBHIALTA (LEASÚ), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt


1. Leasú ar alt 47 (mínithe (Cuid IV)) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961.
2. Leasú ar alt 49 (damáistí) den Phríomh-Acht.
3. Ní dhéanfar damáistí i leith anbhuaine meabhrach a dhámhachtain do dhaoine áirithe.
4. Leasú ar alt 18 den Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936.
5. Gearrtheideal.

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936 | 1936, Uimh. 40 |
| An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1965 | 1965, Uimh. 6 |
| An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1988 | 1988, Uimh. 15 |
| An tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 | 1961, Uimh. 41 |
| Acht na gCúirteanna, 1981 | 1981, Uimh. 11 |
| An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 | 1996, Uimh. 33 |

*Uimhir* 42 *de* 1996

# AN tACHT UM DHLITEANAS SIBHIALTA (LEASÚ), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN DLÍ A BHAINEANN LE DLITEANAS SIBHIALTA. [25 *Nollaig* 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar alt 47 (mínithe (Cuid IV)) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961.

**1.—**(1) Leasaítear leis seo alt 47 den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961, (dá ngairtear "an Príomh-Acht" ina dhiaidh seo san Acht seo) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn 'cleithiúnaí', maidir le duine éagtha ar ghníomh éagórach ba chúis lena bhás—

(*a*) céile, tuismitheoir, seantuismitheoir, leastuismitheoir, leanbh, ua nó banua, leasleanbh, deartháir, deirfiúr, deartháir leasghaolmhar nó deirfiúr leasghaolmhar de chuid an éagaigh,

(*b*) duine ar scaoileadh a phósadh leis an éagach le foraithne cholscartha arna deonú faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 nó faoi dhlí tíre nó dlínse seachas an Stát agus a aithnítear sa Stát, nó

(*c*) duine nach raibh pósta ar an éagach ach a bhí, go dtí an dáta ar éag an t-éagach, ina chónaí leis an éagach mar fhearchéile nó mar bhanchéile ar feadh tréimhse leanúnaí nach giorra ná trí bliana,

a d'fhulaing díobháil nó anbhuain meabhrach mar gheall ar an mbás;

folaíonn 'gníomh éagórach' coir.".

(2) Ní bheidh éifeacht le *fo-alt (1)* i ndáil le cúis chaingne a d'fhabhraigh roimh theacht i ngníomh don fho-alt sin.

Leasú ar alt 49 (damáistí) den Phríomh-Acht.

**2.**—(1) Leasaítear leis seo alt 49 den Phríomh-Acht, arna leasú le halt 28(1) d'Acht na gCúirteanna, 1981—

(*a*) i mír (*b*) d'fho-alt (1), trí "£20,000" a chur in ionad "£7,500",

(*b*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) I gcás gur deimhin leis an Aire Comhionannais agus Athchóirithe Dlí gur cóir an méid airgeadaíochta atá arna shonrú de thuras na huaire—

(*a*) i mír (*b*) d'fho-alt (1), nó

(*b*) maidir le mír (*b*) d'fho-alt (1), de bhua ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo,

a athrú, ag féachaint d'athruithe ar luach an airgid i gcoitinne sa Stát ó sonraíodh an méid airgeadaíochta sin amhlaidh, féadfaidh an tAire, le hordú, méid a shonrú is cuí leis an Aire, agus i gcás den sórt sin beidh éifeacht le mír (*b*) d'fho-alt (1), i ndáil le haon chúis chaingne a fhabhróidh le linn éifeacht a bheith leis an ordú, amhail is dá mbeadh an méid a shonraítear san ordú leagtha amach sa mhír sin.

(1B) Gach ordú a dhéanfar faoi fho-alt (1A) leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar d'aon chúis chaingne a bheidh fabhraithe le linn éifeacht a bheith leis an ordú.",

agus

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(5) I gcás nach raibh aon cheart infhorfheidhmithe chun cothabháil airgeadais ón éagach ag duine dá dtagraítear i mír (*c*) den mhíniú ar 'cleithiúnaí' in alt 47(1), cuirfidh an chúirt an méid sin i gcuntas, mar aon le haon ní iomchuí eile, nuair a bheidh na damáistí a bheidh le dámhachtain don duine de bhua fhomhír (i) de mhír (*a*) d'fho-alt (1) den alt seo á gcinneadh.".

(2) Ní bheidh éifeacht le *fo-alt (1)* i ndáil le cúis chaingne a d'fhabhraigh roimh theacht i ngníomh don fho-alt sin.

Ní dhéanfar damáistí i leith anbhuaine meabhrach a dhámhachtain do dhaoine áirithe.

**3.**—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 49:

"49A.—D'ainneoin aon ní sa Chuid seo, ní ceadmhach damáistí a dhámhachtain do dhuine dá dtagraítear i mír (*b*) den mhíniú ar 'cleithiúnaí' in alt 47(1) i leith aon anbhuaine meabhrach a líomhnaítear a bheith ar an duine agus gur bás an éagaigh is cúis léi.".

(2) Ní bheidh éifeacht le *fo-alt (1)* i ndáil le cúis chaingne a d'fhabhraigh roimh theacht i ngníomh don fho-alt sin.

Leasú ar alt 18 den Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936.

**4.**—(1) Leasaítear leis seo alt 18 den Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936, arna ionadú leis an Acht Aerloingseoireachta agus

Aeriompair, 1965, agus arna leasú le hAcht na gCúirteanna, 1981, agus leis an Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1988—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) San alt seo, ciallaíonn 'cleithiúnaí', i ndáil le paisinéir a ndéanfar dliteanas a fhorchur ar iompróir, le hAirteagal 17 de Choinbhinsiún Vársá nó de Choinbhinsiún Guadalajara, i leith a bháis—

(i) céile, tuismitheoir, seantuismitheoir, leastuismitheoir, leanbh, ua nó banua, leasleanbh, deartháir, deirfiúr, deartháir leasghaolmhar nó deirfiúr leasghaolmhar de chuid an éagaigh,

(ii) duine ar scaoileadh a phósadh leis an éagach le foraithne cholscartha arna deonú faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 nó faoi dhlí tíre nó dlínse seachas an Stát agus a aithnítear sa Stát, nó

(iii) duine nach raibh pósta ar an éagach ach a bhí, go dtí an dáta ar éag an t-éagach, ina chónaí leis an éagach mar fhearchéile nó mar bhanchéile ar feadh tréimhse leanúnaí nach giorra ná trí bliana,

a d'fhulaing díobháil nó anbhuain meabhrach mar gheall ar an mbás.",

(*b*) i mír (*g*) d'fho-alt (2), trí "£20,000" a chur in ionad "£7,500", agus

(*c*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) I gcás gur deimhin leis an Aire Comhionannais agus Athchóirithe Dlí gur cóir an méid airgeadaíochta atá arna shonrú de thuras na huaire—

(a) i mír (*g*) d'fho-alt (2), nó

(b) maidir le mír (*g*) d'fho-alt (2), de bhua ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo,

a athrú, ag féachaint d'athruithe ar luach an airgid i gcoitinne sa Stát ó sonraíodh an méid airgeadaíochta sin amhlaidh, féadfaidh an tAire, le hordú, méid a shonrú is cuí leis an Aire, agus i gcás den sórt sin beidh éifeacht le mír (*g*) d'fho-alt (2), i ndáil le haon chúis chaingne a fhabhróidh le linn éifeacht a bheith leis an ordú, amhail is dá mbeadh an méid a shonraítear san ordú leagtha amach sa mhír sin.

(2B) Gach ordú a dhéanfar faoi fho-alt (2A) leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar d'aon chúis chaingne a bheidh fabhraithe le linn éifeacht a bheith leis an ordú.

(2C) I gcás nach raibh aon cheart infhorfheidhmithe chun cothabháil airgeadais ón éagach ag duine dá dtagraítear i

bhfomhír (iii) den mhíniú ar 'cleithiúnaí' i bhfo-alt (1), cuirfidh an chúirt an méid sin i gcuntas, mar aon le haon ní iomchuí eile, nuair a bheidh na damáistí a bheidh le dámhachtain don duine de bhua fhomhír (i) de mhír (*f*) d'fho-alt (2) á gcinneadh.

(2D) D'ainneoin aon ní san alt seo, ní ceadmhach damáistí a dhámhachtain do dhuine dá dtagraítear i bhfomhír (ii) de mhír (*a*) d'fho-alt (1) i leith aon anbhuaine meabhrach a líomhnaítear a bheith ar an duine agus gur bás an éagaigh is cúis léi.".

(2) Ní bheidh éifeacht le *fo-alt (1)* i ndáil le cúis chaingne a d'fhabhraigh roimh theacht i ngníomh don fho-alt sin.

Gearrtheideal.

**5.—**Féadfar an tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1996 a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

9 781399 307963